Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0410(COD)**

10896/24
ADD 1

AGRI 476
FORETS 167
ENV 608
CODEC 1470
AGRILEG 287

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10714/1/24 REV1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16064/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas ón gCoimisiún |

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

Cuireann an Coimisiún in iúl gur cúis mhór imní dó an Cur Chuige Ginearálta maidir le hathruithe a chaitheann amhras ar aidhm agus ar chuspóir an togra. Déanann trí athrú shonracha an togra ón gCoimisiún a shaobhadh agus, dá bhrí sin, ní féidir linn glacadh leo. Tá súil ag an gCoimisiún gur féidir na príomhábhair imní atá aige a chur ina gceart le linn an nós imeachta reachtaigh. Mura ndéanfar amhlaidh, beidh ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh maidir le cé acu an ndéanfaidh sé a thogra a tharraingt siar nó nach ndéanfaidh.

Ar an gcéad dul síos, tá cuspóir comhairleach ag Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin. I gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais institiúidigh agus riaracháin agus le comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr, tá an Coimisiún i dteideal a chinneadh an rachaidh sé i gcomhairle leis na saineolaithe agus cathain a rachaidh sé i gcomhairle leo, ach sin ag brath ar na hábhair a bhfuil an chomhairle ag teastáil uaidh ina leith, seachas chun dréachtghníomhartha tarmligthe a ullmhú.

Ar an dara dul síos, an cinneadh maidir le cé na seirbhísí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún, is cinneadh inmheánach é a eascraíonn as a neamhspleáchas institiúideach agus riaracháin.

Ar an tríú dul síos, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach féidir leis agus nach bhfuil rún aige ionadaithe a fhorchur ar na Ballstáit nach mór dóibh bheith i láthair. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú le comhdhéanamh an ghrúpa gur féidir leis an ról agus an sainordú atá beartaithe dó a chomhlíonadh ionas gur féidir leis an saineolas is gá a chur ar fáil go díreach don Choimisiún le linn chruinnithe na saineolaithe. Ba cheart gach ábhar beartais ábhartha de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a chumhdach leis sin, lena n áirítear cur chun feidhme agus obair leantach Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030. Ní hamháin go dtacódh sé sin leis an gCoimisiún comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú i gceapadh beartas gaolmhar ach neartódh sé freisin an Buanchoiste Foraoiseachta mar chomhlacht comhairleach lárnach maidir le hábhair a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát a dtuairimí a chur in iúl go hiomlán.

Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin gur cheart an t ainm 'coiste' a sheachaint agus gur cheart 'grúpa saineolaithe' a chur ina ionad, ar mhaithe le rialáil níos fearr, soiléireacht agus comhsheasmhacht. Má aisghairtear cinneadh 1989 ón gComhairle, is Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin é an grúpa a bhunaítear leis an gCinneadh seo agus ba cheart don Choimisiún é a chur ar bun.